NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí: Uimhearthacht

## Réimsí curaclaim agus modúil



Feabhra 2024

## Réamhrá

Cuimsíonn Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí (CFL1SS) roinnt réimsí curaclaim, gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá sé réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; A Bheith Rannpháirteach i bPobal; Ceol agus na hEalaíona; agus, A Bheith Gníomhach

Cuimsítear cúig mhodúl leis an réimse curaclaim Uimhearthacht. Tá sé deartha le haghaidh íoslíon de 200 uair den teagasc/den fhoghlaim thar thréimhse dhá bhliain. Deartar gach modúl agus tuairim is 40 uair an chloig teagaisc/ teagmhála ranga i gceist.

| Teideal modúil | Uaireanta an chloig molta in aghaidh an mhodúil |
|---|---|
| Feasacht ar uimhreas a léiriú | 40 |
| Airgead a thuiscint | 40 |
| Am a léamh agus a thomhas | 40 |
| Tomhas | 40 |
| Cruth agus spás a úsáid | 40 |

## Réasúnaíocht

Is ionann uimhearthacht agus an cumas chun tuiscint, feidhmeanna, agus scileanna matamaitice a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla a chomhlíonadh. Tá uimhearthacht mórthimpeall orainn inár saol laethúil atá tá sí bunúsach don saol laethúil. Cuireann an saol laethúil bealaí fiúntacha ar fáil chun uimhearthacht a iniúchadh, a thuiscint agus chun páirt a ghlacadh inti, agus is féidir scileanna fadhbfhuascailte uimhearthachta a chur i bhfeidhm in idirghníomhaíochtaí laethúla.

Tá na torthaí foghlama a shainaithnítear sa réimse curaclaim seo deartha chun réimse gníomhaíochtaí a chuimsiú chomh maith le roinnt foirmeacha léirithe agus rannpháirtíochta pearsanta. Ba cheart go mbeadh taithí fhairsing ag an scoláire ar uimhearthacht sa bhaile, ar scoil, agus sa phobal.

Cuireann forbairt uimhearthacht an scoláire le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus an bealach eile thart. Nuair a tharlaíonn se seo, tacaítear leis an bhfoghlaim ar fad ar fud na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt na scileanna tábhachtacha chun cinn, scileanna don saol atá riachtanach do neamhspleáchas an scoláire. Baineann an scoláire leas as seo ar go leor bealaí le linn dó a bheith ag déanamh dul chun cinn i gconairí foghlama agus é ag aistriú chuig an saol tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Deartar an réimse seo den churaclam chun foghlaim uimhearthachta an scoláire a dhaingniú agus a chur chun cinn ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. Tá an réimse seo den churaclam deartha chun leanúnachas a chur ar fáil ó Leibhéal 1 den Aonad Foghlama Tosaíochta (AFT), Uimhearthacht ag an tsraith shóisearach chun a fhoghlaim sa tsraith shinsearach a fheabhsú, a chur chun cinn agus a dhoimhniú. Tacaíonn sé seo chun taithí foghlama leanúnach a chothú don scoláire agus é ag cur lena inniúlacht uimhearthachta ar fud na sraithe sinsearaí. Tá sé tábhachtach ceangail a dhéanamh le réamhfhoghlaim ag an tsraith shóisearach agus le modúil ina mbíonn inniúlacht uimhearthachta ag teastáil. Cuidíonn sé seo le foghlaim an scoláire a dhaingniú agus a chur chun cinn. Ní hamháin an bhfuil sé d'aidhm ag an réimse curaclaim seo dul chun cinn agus daingniú uimhearthachta a chur ar fáil, ach tá sé de chuspóir aige braistint ghaisce agus

mhuiníne a chur ar fáil don scoláire ina fhoghlaim le linn dó a bheith ag aistriú chuig seirbhísí tar éis na scoile.

## Teagasc agus foghlaim

Ba cheart don scoláire úsáid a bhaint as a chéadfaí chun iniúchadh, fionnachtain agus fiosrú a dhéanamh ar réada, airgead agus daoine trí choincheapa an chrutha, an tomhais, an ama, an phátrúin agus an tseichimh. Gné riachtanach den fhoghlaim sa réimse seo is ea tacú leis an scoláire a bheith rannpháirteach i gcásanna fíorshaoil ina bhfuil úsáid na huimhearthachta tábhachtach. Ba cheart do na múinteoirí úsáid a bhaint as ábhair nithiúla agus láimhseoga chun foghlaim an scoláire a éascú. Tá imirt thar a bheith tairbheach do gach scoláire agus cuireann sí deiseanna ar fáil dóibh páirt a ghlacadh i gcluichí, imirt nó gníomhaíochtaí chun cuidiú le foghlaim a dhaingniú. Ba cheart go gcuirfí ar chumas an scoláire foghlaim a léiriú ar bhealach atá fiúntach, ábhartha agus feiliúnach dó.

# Modúl: Feasacht ar uimhreas a léiriú

## Tuairisceoir modúil

Tacaíonn an modúl seo leis an scoláire páirt a ghlacadh i léiriú uimhris i gcuid dá thimpeallachtaí trí léirithe nithiúla, pictiúrtha nó amhairc le tacaíocht chuí. Fiosróidh an scoláire úsáid an uimhris ina thimpeallachtaí agus beidh sé ag plé le huimhreacha a bhfuil cleachtadh aige orthu. Bainfidh sé triail as a bheith ag plé le cainníocht trí iniúchadh a dhéanamh ar an gcoincheap suimithe agus dealaithe le tacaíochtaí amhairc agus láimhseoga nithiúla.

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Feasacht ar uimhreas a léiriú**<br><br>Tacaítear leis an scoláire chun a bhraistint uimhris a fhorbairt agus a dhaingniú trí tuiscint a fháil ar uimhreacha, réada agus tacair agus iad a cheangal lena chéile. Ba cheart deiseanna a thabhairt don scoláire chun réada nó daoine a chomhaireamh nó a chainníochtú. Ba cheart dó iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí ina mbaintear úsáid as uimhreacha chun tacair a chainníochtú. Is féidir foghlaim a dhaingniú trí pháirt a ghlacadh i gcluichí, mar shampla, cluichí ina leagtar béim ar an difríocht idir *ceann amháin, níos mó ná ceann amháin* agus *go leor*. | a. Gníomhaíochtaí comhairimh a iniúchadh, a dhéanamh nó páirt a ghlacadh iontu (gníomhaíochtaí nithiúla agus neamhphraiticiúla)<br>b. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir comhaireamh a úsáid chun fadhbanna a bhaineann leis an ngnáthshaol a réiteach<br>c. Feasacht a fhorbairt ar *níos mó*, *níos lú* agus *go leor*<br>d. Comhaireamh chun tosaigh le láimhseoga ó bhéal, nithiúla, agus le tacaíocht phictiúrtha<br>e. Réada nó daoine a chomhaireamh agus a chainníochtú le tacaíocht<br>f. Uimhreacha a cheangal le réada comhairthe ach tacaíochtaí a úsáid<br>g. An chaoi a mbaintear úsáid as uimhreacha a léiriú chun tacair a chainníochtú.<br>h. A léiriú gurb í an uimhir dheiridh i ngrúpa comhairthe a thugann cainníocht an tacair le fios<br>i. Úsáid a bhaint as uimhreas go cuí i gcásanna imeartha<br>j. Eolas ar uimhreas a léiriú ach úsáid a bhaint as ábhair agus tacaíochtaí cuí<br>k. Eolas a léiriú ar *cheann amháin*, *níos mó ná ceann amháin*, *roinnt* agus *go leor*<br>l. Tuiscint a thaispeáint ar an gcoincheap *ceann ar bith*, *náid* agus *uilig imithe*<br>m. Aithint go seasann an uimhir náid do cheann ar bith/dada ó thaobh cainníochta de<br>n. Sonraí a léiriú le réada tagartha amhail pictiúir nó siombailí. |

# Modúl: Airgead a thuiscint

## Tuairisceoir modúil

Tríd an modúl seo déanann an scoláire a thuiscint ar airgead a fhiosrú agus a chur chun cinn de réir mar a théann sé i dtaithí ar chásanna fíorshaoil ina gcuirtear úsáid agus coincheap an airgid i bhfeidhm. Ba cheart go gcuirfí deiseanna ar fáil don scoláire chun páirt a ghlacadh i mbearta airgeadais in éagsúlacht comhthéacsanna chun a thuiscint a dhoimhniú.

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Airgead a thuiscint**<br><br>Tacaítear leis an scoláire chun tuiscint a fháil go bhfuil cuspóir le hairgead, agus é ag fáil taithí ar airgead a úsáid in go leor comhthéacsanna, lena n-áirítear comhthéacsanna fíorshaoil. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ina n-úsáidtear airgead chun rudaí a cheannach agus is mór an tairbhe a dhéantar do scoláire taithí a fháil ar idirbhearta gan airgead tirim. | a. Feasacht a fhorbairt gur cineálacha airgid iad boinn agus nótaí páipéir<br>b. Feasacht a fhorbairt go bhfuil cuspóir agus luach ag baint le hairgead<br>c. Feasacht a fhorbairt gur féidir rudaí a cheannach ach boinn, nótaí páipéir nó cárta a úsáid<br>d. Na siombailí euro agus cent a aithint agus tuiscint a fháil gurb ionann iad agus airgead<br>e. An teanga a shamhlaítear le hairgead a aithint agus a úsáid<br>f. Rudaí a cheannach ach airgead a úsáid<br>g. Rudaí a cheannach mar chuid d’idirbheart gan airgead tirim<br>h. Freastal ar airgead agus/nó é a chomhaireamh. |

# Modúl: Am a léamh agus a thomhas

## Tuairisceoir modúil

Úsáidfearáiseanna cuí sa mhodúl seo amhail, cloig, clog labhartha, Braille, amchláir amhairc agus féiliri amhairc, chun tacú leis an scoláire tuiscint a fháil ar chúrsaí ama. Ba cheart go gcuirfí deiseanna ar fáil don scoláire úsáid a bhaint as an teanga, rudaí, siombailí, comharthaí, spreagthaigh agus gníomhaíochtaí a shamhlaítear le cúrsaí ama, laethanta na seachtaine agus imeachtaí séasúracha suntasacha.

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Am a léamh agus a thomhas**<br><br>Déanann an scoláire iniúchadh ar theanga, réada agus spreagthaigh a bhaineann le himeachtaí suntasacha pearsanta agus cultúrtha. Glacann an scoláire páirt i ngníomhachtaí agus gníomhartha a úsáid chun aistriú ó ghníomhaíocht nó imeacht amháin go ceann eile. | a. Taithí a fháil ar ghluaiseacht fhisiciúil na lámh ar chlog analógach ar deiseal chun caitheamh an ama a thabhairt le fios<br>b. Feasacht ar an gclog a léiriú mar uirlis chun am a thomhas<br>c. Páirt a ghlacadh in ord an ghnáthaimh laethúil (sa bhaile agus ar scoil)<br>d. Páirt a ghlacadh i bpríomhaistrithe ar fud an lae<br>e. Feasacht a léiriú ar an lá scoile nó príomh-amanna a shainaithint sa lá scoile<br>f. Feasacht a léiriú ar an difríocht idir am oíche agus am lae, an mhaidin agus tráthnóna<br>g. Taithí a fháil ar; agus freastail ar theanga an ama maidir leis an scoláire féin, lena theaghlach agus maidir le himeachtaí agus gníomhaíochtaí scoile<br>h. Taithí a fháil ar; agus freastail ar theanga na laethanta, míonna agus príomhimeachtaí séasúracha<br>i. Trí úsáid a bhaint as na huirlisí cuí, as imeachtaí seichimh de réir ama<br>j. Lá atá fiúntach don scoláire go pearsanta a aithint, sa tseachtain nó sa mhí. |

# Modúl: Tomhas

## Tuairisceoir modúil

Breathnaítear sa mhodúl seo ar thomhas mar scáth-théarma a chuimsíonn fad, meáchan[1], teocht, toilleadh agus achar. Déanann an scoláire iniúchadh agus fiosrú ar ábhair agus ar réada intomhaiste. Bíonn siad rannpháirteach agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí maidir le tomhas ina gharthimpeallacht, le linn dó iniúchadh agus fiosrú a dhéanamh ar réada maidir le tomhas.

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Tomhas**<br><br>Is trí shamplaí agus cásanna fíorshaoil a thabharfar deis don scoláire taithí a fháil ar agus freastal ar an teanga a bhaineann le tomhas agus réada intomhaiste le linn dó a bheith rannpháirteach in úsáid tomhais a bhfuil údar léi ina thimpeallacht. | a. Iniúchadh a dhéanamh ar réada agus rudaí laethúla maidir le tomhas nó méid<br>b. Páirt a ghlacadh sa teanga agus sna gníomhaíochtaí fíorshaoil a bhaineann le tomhas<br>c. Páirt a ghlacadh i; nó freastal ar chomhráite agus i ngníomhaíochtaí praiticiúla teagmhálacha tomhais<br>d. Freastal ar ghníomhaíochtaí agus díospóireachtaí ina ndéantar comparáidí díreacha maidir le cur síos a dhéanamh ar rudaí intomhaiste<br>e. Freagairt do threoracha agus ceisteanna lena mbaineann foirmeacha éagsúla tomhais<br>f. Iniúchadh a dhéanamh ar rudaí éagsúla chun comparáid a dhéanamh idir tomhais<br>g. Comparáidí a shainaithint agus a thaifeadadh, chomh maith le meastacháin agus sonraí faoi na rudaí a dhéantar a thomhas. |

[1] Is ionann mais agus tomhas ábhair i réad agus is ionann meáchan agus imtharraingt ar réad. Úsáideadh an téarma meáchan anseo, mar go n-úsáidtear an téarma meáchan, agus go bhfuiltear ar an eolas faoin téarma in go leor scoileanna, seachas mais.

# Modúl: Cruth agus spás a úsáid

## Tuairisceoir modúil

Sa mhodúl seo déanann an scoláire dul chun cinn maidir le cruthanna a aithint, a thuiscint agus a shainaithint ina gharthimpeallacht agus ina thimpeallacht níos leithne. Glacann an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí ina n-úsáidtear teanga na gluaiseachta agus an tsuímh le linn dó a bheith ag baint triail as cruthú agus gluaiseacht cruthanna. Déanann an scoláire iniúchadh ar ghnéithe agus airíonna na gcruthanna 2T agus 3T trí eispéiris chéadfacha éagsúla.

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Cruth agus spás a úsáid**<br><br>Faigheann an scoláire taithí ar, déanann sé iniúchadh ar, agus déanann sé dul chun cinn maidir lena thuiscint ar choincheap an chrutha agus an spáis ina thimpeallachtaí ar fad. | a. Cruthanna a aithint ina thimpeallacht<br>b. Na gnéithe de chruthanna 2T, 3T agus cruthanna neamhrialta a aithint<br>c. Freastal ar shórtáil, rangú agus comparáid na réad de réir a gcrutha nó a méide<br>d. Cruthanna a chruthú le cúnamh ó ábhair agus tacaíochtaí cuí<br>e. Páirt a ghlacadh sa teanga a shamhlaítear le cruthanna agus rudaí<br>f. Páirt a ghlacadh i gcruthanna agus struchtúir a thógáil nó a chruthú trí úsáid a bhaint as cruthanna soladacha nó as teicneolaíocht<br>g. Páirt a ghlacadh i ngluaiseacht cruthanna<br>h. Taithí a fháil ar chruthanna i dtreoshuíomhanna éagsúla<br>i. Taithí a fháil ar an gcuma a bhíonn ar chruthanna nuair a bhogtar iad<br>j. Freastal ar theanga ghluaiseachta agus ionramhála cruthanna<br>k. Cruthanna a bhogadh ar chúis<br>l. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí tógála agus i bpuzail spásúla. |

